Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 9 Nollaig 2021
(OR. en)

14883/21

SCH-EVAL 160
SCHENGEN 97
COMIX 622

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| An: | 9 Nollaig 2021 |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 14764/21 |
| Ábhar: | Conclúidí ón gComhairle maidir leis na coinníollacha is gá a chomhlíonadh chun *acquis* Schengen a chur i bhfeidhm ina iomláine sa Chróit |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo na conclúidí ón gComhairle maidir leis na coinníollacha is gá a chomhlíonadh chun *acquis* Schengen a chur i bhfeidhm ina iomláine sa Chróit, a d'fhormheas an Chomhairle ag an gcruinniú a bhí aici an 9 Nollaig 2021.

**Conclúidí ón gComhairle maidir leis na coinníollacha is gá a chomhlíonadh chun *acquis* Schengen a chur i bhfeidhm ina iomláine sa Chróit**

MAIDIR LE COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Agus an méid seo a leanas Á MHEABHRÚ DI:

1. In Airteagal 4(2) d'Ionstraim Aontachais na Cróite[1], foráiltear maidir leis na forálacha de *acquis* Schengen mar atá arna lánpháirtiú i gcreat an Aontais Eorpaigh agus na hionstraimí ag cur leis nó atá gaolmhar leis ar dhóigh eile nach dtagraítear dóibh i mír 1 den Airteagal céanna, agus iad ina gceangal ar an gCróit ó dháta an aontachais, nach mbeidh feidhm acu sa Chróit ach de bhun cinnidh ón gComhairle chuige sin, tar éis fíorú, i gcomhréir leis na forálacha infheidhme de nósanna imeachta measúnachta Schengen, go bhfuil na coinníollacha riachtanacha chun gach cuid den *acquis* ábhartha a chur i bhfeidhm comhalta sa Chróit, lena n-áirítear cur i bhfeidhm éifeachtach rialacha uile Schengen i gcomhréir leis na comhchaighdeáin chomhaontaithe agus leis na bunphrionsabail. Glacfaidh an Chomhairle an cinneadh sin, i gcomhréir leis na nósanna imeachta infheidhme, lena dtabharfar tuarascáil ón gCoimisiún ar aird lena ndeimhneofar go leanfaidh an Chróit uirthi ag comhlíonadh na ngealltanas a glacadh ar láimh le linn na caibidlíochta aontachais agus atá ábhartha do *acquis* Schengen.

2. Trí litir dar dáta an 6 Márta 2015, dhearbhaigh an Chróit go raibh sí réidh chun tús a chur le próiseas meastóireachta Schengen i ngach réimse ábhartha beartais amhail ón 1 Iúil 2015 d'fhonn Cinneadh ón gComhairle maidir le *acquis* Schengen a chur i bhfeidhm ina iomláine.

[1] Ionstraim i dtaobh choinníollacha aontachais Phoblacht na Cróite agus na n-oiriúnuithe ar an gConradh ar an Aontas Eorpach, ar an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh agus ar an gConradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach, IO L112, 24.4.2012, lch. 21.

3. An 25 Aibreán 2017, glacadh Cinneadh (AE) 2017/733 ón gComhairle[2] i ndáil leis na forálacha sin de chuid *acquis* Schengen a bhaineann le Córas Faisnéise Schengen a chur i bhfeidhm i bPoblacht na Cróite. Ceadaíodh leis go n-aistreofaí sonraí SIS chuig an gCróit. Le húsáid nithiúil na sonraí sin, ceadaíodh don Choimisiúin fíorú a dhéanamh ar chur i bhfeidhm ceart na bhforálacha sin de *acquis* Schengen a bhaineann le SIS sa Chróit.

4. Leagtar amach na nósanna imeachta meastóireachta Schengen is infheidhme i Rialachán (AE) Uimh. 1053/2013 ón gComhairle[3]. Rinneadh meastóireacht Schengen ar an gCróit i gcomhréir le hAirteagal 1(1)(b) den Rialachán sin. Idir 2016 agus 2020, rinne foirne ar a raibh saineolaithe ón gCoimisiún agus ó na Ballstáit cur i bhfeidhm *acquis* Schengen ag an gCróit a fhíorú i réimsí na cosanta sonraí, an chomhair póilíneachta, an chomhbheartais víosaí, bhainistiú na dteorainneacha seachtracha, an fhillte, Chóras Faisnéise Schengen, arm tine agus an chomhair bhreithiúnaigh in ábhair choiriúla. Mar thoradh ar an bpróiseas sin, ghlac an Coimisiún sraith tuarascálacha meastóireachta sa tréimhse idir 2016 agus 2019, ina raibh torthaí agus measúnuithe, chomh maith le moltaí chun na heasnaimh a sainaithníodh a leigheas, agus ghlac an Chomhairle iad. De dhroim na moltaí ón gComhairle agus i gcomhréir le hAirteagal 16 de Rialachán (AE) 1053/2013, chuir an Chróit pleananna gníomhaíochta ar fáil don Choimisiún agus don Chomhairle maidir leis an mbealach chun na heasnaimh a sainaithníodh sna tuarascálacha meastóireachta ábhartha a leigheas. Bunaithe ar na tuarascálacha leantacha a fuarthas, rinne an Coimisiún measúnú ar chur chun feidhme iomlán na bpleananna gníomhaíochta agus chuir sé an Mheitheal um Ábhair Schengen de chuid na Comhairle ar an eolas ar bhonn rialta faoi chur chun feidhme na bpleananna gníomhaíochta. Dhún an Coimisiún na pleananna gníomhaíochta do na réimsí a ndearnadh meastóireacht orthu; dúnadh an plean gníomhaíochta deireanach, i réimse bhainistiú na teorann seachtraí, an 2 Feabhra 2021[4].

---

2 IO L108 an 26.4.2017, L108. lch. 31.

3 Rialachán (AE) Uimh. 1053/2013 ón gComhairle an 7 Deireadh Fómhair 2013 lena mbunaítear sásra meastóireachta agus faireacháin chun cur i bhfeidhm *acquis* Schengen a fhíorú agus lena n- aisghairtear an Cinneadh ón gCoiste Feidhmiúcháin an 16 Meán Fómhair 1998 lena mbunaítear Buanchoiste um measúnú agus cur chun feidhme Schengen (IO L 295, 6.11.2013, lch. 27).

4 Ares(2021)890120 – Dúnadh Phlean Gníomhaíochta: meastóireacht teorainneacha seachtracha (an Chróit) athchuairt 2019 – a cuireadh in iúl don Mheitheal um Ábhair Schengen ag an gcruinniú neamhfhoirmiúil a bhí aici an 1 Feabhra 2021 agus don Chomhairle CGB ag an gcruinniú neamhfhoirmiúil a bhí aici an 12 Márta 2021.

5. An 22 Deireadh Fómhair 2019, d'fhoilsigh an Coimisiún Eorpach Teachtaireacht[5] maidir le fíorú ar chur i bhfeidhm iomlán *acquis* Schengen ag an gCróit, inar thángthas ar an gconclúid 'go measann an Coimisiún go bhfuil na bearta is gá glactha ag an gCróit chun a áirithiú go gcomhlíontar na coinníollacha is gá chun na codanna ábhartha uile de *acquis* Schengen a chur i bhfeidhm. Beidh ar an gCróit leanúint de bheith ag obair go comhsheasmhach maidir le cur chun feidhme na ngníomhaíochtaí leanúnacha uile, go háirithe i réimse bhainistiú na dteorainneacha seachtracha, chun a áirithiú go leanfar de na dálaí sin a chomhlíonadh'.

6. Sa teachtaireacht chéanna dhearbhaigh an Coimisiún freisin go leanann 'an Chróit de na gealltanais a bhaineann le *acquis* Schengen, mar a gabhadh ar láimh ina caibidlíocht aontachais, a chomhlíonadh'. Cuireann an Chomhairle chun suntais a thábhachtaí atá sé na gealltanais sin a chomhlíonadh ar bhonn leanúnach.

7. Is réamhchoinníoll é an fíorú go bhfuil na coinníollacha is gá chun na codanna uile de *acquis* Schengen lena mbaineann a chur i bhfeidhm comhlíonta ag an gCróit, chun go mbeadh an Chomhairle in ann cinneadh a dhéanamh maidir le cur i bhfeidhm iomlán *acquis* Schengen agus maidir le díothú seiceálacha ag teorainneacha inmheánacha mar thoradh air sin.

8. Is é is cuspóir do na Conclúidí seo a leanas ón gComhairle a shuíomh go gcomhlíonann an Chróit, faoi réir an nós imeachta meastóireachta iomláine, na coinníollacha maidir le cur i bhfeidhm na gcodanna ábhartha uile de *acquis* Schengen.

9. Ní dochar formheas na gConclúidí sin ón gComhairle do ghlacadh an chinnidh ón gComhairle maidir le cur i bhfeidhm iomlán *acquis* Schengen.

---

[5] COM (2019) 497 final an 22.10.2019.

10. Athdhearbhaíonn an Chomhairle a thábhachtaí atá sé limistéar Schengen a neartú a thuilleadh, lena n-áirítear an chaibidlíocht leanúnach maidir le sásra éifeachtúil meastóireachta agus faireacháin. Ag féachaint d'aontachas na Cróite le Schengen, iarrtar ar an gCróit leanúint de bheith ag obair go comhsheasmhach ar chur chun feidhme *acquis* Schengen, agus ar ghealltanais a bhaineann le *acquis* Schengen.

I ndáil leis sin, agus an méid thuas á chur san áireamh,

BAINEANN SÍ AN MÉID A LEANAS DE THÁTAL:

- Tá na coinníollacha is gá chun gach cuid de *acquis* Schengen a chur i bhfeidhm comhlíonta ag an gCróit.
- Dá bhrí sin, tá na réamhchoinníollacha comhlíonta chun go mbeidh an Chomhairle in ann an cinneadh dá dtagraítear in Airteagal 4(2) d'Ionstraim Aontachais na Cróite a ghlacadh, lena gceadaítear deireadh a chur le rialuithe ag teorainneacha inmheánacha.
- Ag féachaint d'aontachas na Cróite le Schengen, iarrtar ar an gCróit leanúint de bheith ag obair go comhsheasmhach ar chur chun feidhme *acquis* Schengen, agus ar ghealltanais a bhaineann le *acquis* Schengen.